COVID-19

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcoróinvíreas in Éirinn. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil inti?

1. *main story* _____
2. *Republic* _____
3. *fifty* _____
4. *confirmed* _____
5. *sites, areas* _____
6. *the way it was caught/contracted* _____
7. *closeness* _____
8. *outbreak* _____
9. *test* _____
10. *regional laboratories* _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh na focail a aimsiú.



Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar an scéil, sula bhféachfaidh sibh air.

Ceist 3 Anois, féach ar an mír arís. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

14: _____
50: _____
4: _____
10: _____
34: _____
5: _____
3: _____
2: _____
1,700: _____

Ceist 4 '…*is léir*…'

Féach ar an sampla seo thíos den chopail agus freagair na ceisteanna.

Is víreas an-tógálach é an coróinvíreas.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáid as na míreanna ceisteacha ***An*** agus ***Nach***.
2. Cad iad freagraí na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna thíos (dearfach agus diúltach).

   - An é an coróinvíreas an bhagairt is mó ar an tír le deich mbliana anuas?
   - Nach uafásach an víreas é?

Agus

Féach ar an sampla seo den chopail san aimsir chaite agus freagair na ceisteanna:

Ba thír shaibhir í an Iodáil roimh ráig an choróinvíris.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáid as na míreanna ceisteacha ***Ar*** agus ***Nár***.
2. Cad iad freagraí na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna thíos (dearfach agus diúltach).

   - Arbh í an Iodáil an tír ba shaibhre san Eoraip?
   - Nár shaibhir an tír í?

Ceist 5 '… in oirthear…'

1. Líon isteach na bearnaí leis an leagan ceart de gach treoir.

   An deisceart
   Ag dul _____
   Ag teacht _____

   An tuaisceart
   Ag dul ó _____
   Ag teacht _____

   An t-iarthar
   Ag dul _____
   Ag teacht _____

   An t-oirthear
   Ag dul _____
   Ag teacht _____

2. Cuir gach sampla faoi cheist 1 thuas in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas a mhothaíonn tú féin faoin gcoróinvíreas?
2. Cén tionchar a bheidh ag an víreas ar gheilleagar an domhain, dar leat?
3. Cén ról atá ag na meáin sa ghéarchéim?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. *main story*	príomhscéal
2. *Republic*	Poblacht
3. *fifty*	leathchéad
4. *confirmed*	deimhnithe
5. *sites, areas*	láithreacha
6. *the way it was caught/contracted*	an tslí ar tolgadh é
7. *closeness*	dlúth-theagmháil
8. *outbreak*	ráig
9. *test*	tástáil
10. *regional laboratories*	saotharlanna réigiúnacha

Ceist 2

Tá an obair seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc. Pléigh na tuairimí atá ag an rang ach ná pléigh mionsonraí na tuairisce fós.

Ceist 3

14:	Líon na gcásanna nua den víreas in Éirinn – sa Tuaisceart agus sa Phoblacht.
50:	Líon na gcásanna ar fad ar oileán na hÉireann.
4:	Na cásanna nua sa Tuaisceart.
10:	Na cásanna nua sa Phoblacht.
34:	Líon na gcásanna ar fad i bPoblacht na hÉireann.
5:	Líon na ndaoine a bhfuil an víreas orthu i ndeisceart na tíre le déanaí./Líon na ndaoine a cheaptar a tholg an víreas i dtír eile.
3:	Líon na ndaoine a bhfuil an víreas orthu in oirthear na tíre le déanaí./Líon na ndaoine a tholg an víreas mar gheall ar dhlúth-theagmháil le daoine eile a raibh an víreas orthu.
2:	Líon na ndaoine a bhfuil an víreas orthu in iarthar na tíre le déanaí./Oibrithe sláinte a bhfuil an víreas orthu.
1,700:	Líon na ndaoine a tástáladh sa tír go dtí seo.

Ceist 4

1. An víreas an-tógálach é an coróinvíreas? / Nach víreas an-tógálach é an coróinvíreas?
2. Is ea./Ní hea.
3. Is é./Ní hé. | Is uafásach./Ní uafásach.

1. Ar thír shaibhir í an Iodáil roimh ráig an choróinvíris? / Nár thír shaibhir í an Iodáil roimh ráig an choróinvíris?
2. Ba ea./Níorbh ea.
3. Ba í./Níorbh í. | Ba shaibhir./Níor shaibhir.

Ceist 5

An deisceart
Ag dul **ó dheas**
Ag teacht **aneas**

An tuaisceart
Ag dul ó **thuaidh**
Ag teacht **aduaidh**

An t-iarthar
Ag dul **siar**
Ag teacht **aniar**

An t-oirthear
Ag dul **soir**
Ag teacht **anoir**

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Maidir le príomhscéal an lae, tá ceithre chás déag nua den víreas COVID-19 in Éirinn: deich gcinn sa bPoblacht, ceithre cinn sa Tuaisceart. Sin leathchéad cás ar fad anois ar oileán na hÉireann. Agus tá ár dtuairisceoir, Caoimhe Ní Laighin, ag an Roinn Sláinte tráthnóna. A Chaoimhe, chuala muid níos luaithe faoi cheithre chás eile i dTuaisceart Éireann, deich gcinn deimhnithe sa bPoblacht tráthnóna. Is léir nach bhfuil sé seo ach ag dul treo amháin.

Caoimhe Ní Laighin
Tá an ceart agat, a Eimear, agus mar a thug tú sna figiúirí sin, tú féin ansin, tá deich gcás nua in Éirinn agus ciallaíonn sé sin go bhfuil tríocha a ceathair cás san iomlán anois sa gcuid seo den oileán. Nó, mar a dúirt tú, caoga cás ar oileán na hÉireann. Is féidir liom briseadh síos a thabhairt daoibh maidir le láithreacha na gcásanna sin:

- Tá an víreas anois ar chúigear sa mbreis i ndeisceart na tíre.
- Tá sé ar thriúr sa mbreis in oirthear na tíre.
- Agus tá sé ar bheirt sa mbreis in iarthar na tíre.

Maidir leis an tslí ar tolgadh an víreas, nó COVID-19, i gcás na gcásanna sin, tá meascán iomlán i gceist. Tuigtear gur oibrithe sláinte iad beirt acu, agus gur tháinig an víreas ar thriúr tar éis dóibh dlúth-theagmháil a bheith acu le daoine eile a raibh an víreas orthu. Agus tuigtear gur fhill cúigear acu ó thír eile ina raibh ráig den víreas. Faoin tráth seo, tá tástáil déanta ar bhreis agus míle, seacht gcéad duine. Agus d'fhógair an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála um Shláinte Phoiblí inniu go bhfuil siad le toiseacht[1] i mbun tástála i saotharlanna réigiúnacha timpeall na tíre, agus b'fhéidir gur comhartha é seo, mar a dúirt tú, nach bhfuil rudaí ach ag dul in olcas.

Eimear Ní Chonaola
Caoimhe Ní Laighin, go raibh míle maith agat as an scéal is deireanaí sin.

[1] *le tosú* an leagan caighdeánach